Déana mo theagasg, a Thríonóid

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 70]

Muireadhach Albanach Ó Dálaigh cct.

1 Déana mo theagosg, a Thríonóid,
a Thighearna ar dtighe óil,
ling ar mo theangaidh, a Thríonóid,
beannuigh inn dod mhíondóid mhóir.

1 (a) Sdiur mo lámh, teaguisg mo throigheach,
teaguisg mo rosg - ríoghdha an sgéal!
teaguisg mo ghuth, gluais mo theangaidh,
sguch im chluais, beannuigh mo bhéal.

1 (b) A Thríonóid naomh, ar do naomhdhocht
neartuigh m’ainmne - aobhdha an [duas];
ling agus coduil im chridhe,
a chinn pobuil nimhe a-nuas.

1 (c) Ag so [mo] bhéal [bearrthach] líomhtha
loisgeas cách choinngheas gach ní;
ag so an teangaidh nach tearc labhra
beannuigh, a shearc m’anma, í.

2 Ar do Thríonóideacht, a Thríonóid,
tar dom leigheas, labhair rum,
a-tá bile dearcnach darach
cridhe peacthach salach sunn.

3 Gidh olc mé níor mhilleas daonna,
ní dhearnas meirle, a Mhaic Dé,
mo lámh nochar leadair duine;
freagair ar ghrádh Muire mé.

4 Mása shliocht fíre ar a bhfuilim
fothraicthear mé - ní móid linn;
más ar bhréig a-tám, a Thríonóid,
léig ar lár an fhíorfhóid inn.

5 Ná léig an anmainse i nIffearnn
i n-onóir Muire, a Mhaic Dé;
léig dod mháthair an bocht bráthar,
olc an bráthair máthar mé.

6 Ní cóir cré ná talamh thorum
achd tonn brátha - beag an fhearg;

ní cóir ní eile dom fhalach
a Rí achd teine darach dearg.

7 Do dhealbhais an taobhsa, a Thríonóid,
do thalmhain ’s do theinidh bhí
duine do theinidh ’s do thalmhain
fuine deighfhir amhlaidh í.

8 Uchán uch gidh olc bhar gcreideamh,
a chlann Ádhaimh an fhuilt chlaoin,
do tholl laogh bhar seathar saoire,
leathar saor, a dhaoine, dhaoibh.

9 Deoch don uisge d’fhior dod mhuinntir,
a Mhaic Dé, ní dúthracht linn;
is mór an grádh dhuid ar dhuine
nach sluig an lár uile inn.

10 A-tá colum uichtgheal álainn
againn a-muigh - móide ar ngnaoi;
a-tá uan fionn ag ar bhfoghnamh,
duan liom do lomradh gach laoi.

11 A-tá sgiath chorcra gar gcoimhéad,
ní call uaine é ní dair;
ionmhain liom an sgiath nach sgoilteann
triath gan chionn gan fhoirceann air.

12 A-tá toirrcheas uasal álainn
is ionganta ’mar iadh brú
éigne nach bí earr ’n-a adhradh;
mo cheann, a Rí an talmhan, tú.

13 Comhartha ort seach gach n-aoinfhear
d’fhine Abrám - aobhdha an fear -
aonshlat do bhí d’fhine Abhrán
’n-a bile trí ngabhlán ngeal.

14 Do dhealbh Dúileamhan do dhúilibh
do dhealbh óglaoch ionmhain linn
do dhealbh chéasda sgiamh do sgiamhaibh
grian is éasga d’fhiadhain inn.

15 Iodhan thángaisse ar an dtalmhain
mar thig bláth tar bruachaibh díog
mar thig oighreadh re taobh tuile,
saor do-roighneadh duine dhíod.

16 Ógh do bhruinneadh is do bhaisdeadh,

bláith ro ghabhais chugat corp,
glan rod bruinneadh i mbroinn Moire
níor thoill bruinneadh oile ort.

17 Tonn baisdidh ar do bhois ngleannghloin
- gléaghlan roimhe do rosg mall -
uisge ar do chéibh uch rob iongnadh;
an sruth séimh ro hionnladh ann.

18 Do bhí an t-ór buidhe ar n-a bhruinneadh
i mbroinn Muire - maith ro thoill -
ó thug ógh na manach Muire
falach d’ór bhuidhe ’n-a broinn.

19 A ghein ro bhí tú i mbroinn Muire,
a Mhaic Dé nach dearna olc,
a chinn na glóire is na gloine,
níor mhill Moire a hóighe ort.

20 Do chionn peacthach meangach meabhlach
mór an gábhadh guin do thaoibh;
is doiligh liom, a Mheic Muire,
do chreic do chionn duine dhaoir.

21 Tugaisse aghaidh ar Ifearnn
d’fhios do chloinne, a chúl na ród;
comhrag dá bhall ríogh sa rathoigh
an chlann chríon ’s an t-athair óg.

22 Do bhí an oidhcheisin ag ainglibh
aghaidh áluinn fhabhra dhuibh;
ráinig go sluagh [naomhach] nimhe
uan caorach gile ar n-a ghuin.

23 [Tugsam d’easbhaidh] aonmhac álainn
ort, a Dhé, do dhealbh gach rígh;
seada an chos is trom an trilis
corr an bhos do dhlighis dínn.

24 Ag seo an ghlacsa i ngoin do ghlaice,
a [ghein] Dé, mar dleaghar díot;
toll it bhonn, a bhéal mo chroidhe,
do-bhéar bonn oile n-a íoc.

25 Ro ba criathar toll gar dtearmonn
do thaobh gléigeal do ghlac shoirbh;
gáire is do chorp ar n-a chriathradh
gan náire a-nocht iarrthar oirn.

26 Ag seo chugat colann mheirligh,
a Mhaic Muire, go mbé ar bail;
ag seo cimidh go gceird nathrach
imir t'fheirg [. . .] air.

27 [Seal] beag romhainn sa ród chéadna,
a chos [thruagh nar] thréig do bhú,
a chos [ro seoltha] sa slighidh
eolcha a-nos go dtibhir tú.

28 Tréigfead uile fhir an [domhain]
ar an Dúileamh ro dhealbh gréin;
roghearr leam toradh an tíre
fearr ar ndomhan fíre féin.

29 An greim tárrtha dhíot ní dhísleoch
a Dhia, ní ní do-ní ar gclú;
bíodh greim fir 's a bheith ga bháthadh
[dod] dhreich ghil [ó dtáthar] thú.

30 A dhealbh aoinfhir a dhealbh deise,
[déine] orainne breith mbuig;
a dhealbh na dtrí n-aon a haonalt
go dtí taom dod dhaonnacht duid.

31 Go ndearnar aithrighe is fheadhbhdhacht
is oilithre gidh olc mé;
go léigear sileadh dom shúilibh
ag sireadh ar nDúilimh dhé. Déana.